2018. M54T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2018**

## CUNTASAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

**(400 marc)**

DÉ LUAIN 18 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 5.00

**Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn**:

| **Roinn 1**: **Cuntasaíocht Airgeadais** (120 marc) |
|---|
| Tá ceithre cheist sa roinn seo (Uimhreacha 1 – 4). Tá 120 marc ag gabháil leis an gcéad cheist agus 60 marc an ceann ag gabháil leis na trí cheist eile.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile as an roinn seo. |

| **Roinn 2**: **Cuntasaíocht Airgeadais** (200 marc) |
|---|
| Tá trí cheist sa roinn seo (Uimhreacha 5 – 7). Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist díobh.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt. |

| **Roinn 3**: **Cuntasaíocht Bhainistíochta** (80 marc) |
|---|
| Tá dhá cheist sa roinn seo (Uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist díobh.<br>Ba chóir d'iarrthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt. |

| **Áireamháin** |
|---|
| Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus na ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt.<br>Tá sé fíorthábhachtach an t-oibriú amach a thaispeáint s(n)a f(h)reagarleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair atá ceart. |

**ROINN 1 (120 Marc)**
Freagair **Ceist 1** NÓ **DHÁ** cheist ar bith eile

**1. Cuntais Deiridh Trádálaí Aonair**

Baineadh na hiarmhéideanna seo a leanas as leabhair Mhichíl Uí Raghallaigh, trádálaí aonair, ar 31/12/2017:

| | € | € |
|---|---|---|
| Foirgnimh | 400,000 | |
| Veaineanna seachadta ar a gcostas | 64,000 | |
| Dímheas carntha – veaineanna seachadta | | 12,000 |
| Trealamh oifige (costas €20,000) | 10,000 | |
| Paitinní | 24,000 | |
| Caipiteal 01/01/2017 | | 202,000 |
| Tarraingtí | 12,200 | |
| Stoc 01/01/2017 | 27,000 | |
| Díolacháin | | 583,000 |
| Ceannacháin | 192,000 | |
| Aischur amach (aischur ceannachán) | | 5,100 |
| Aischur isteach (aischur díolachán) | 13,000 | |
| Creidiúnaithe | | 22,400 |
| Féichiúnaithe | 36,200 | |
| Lascaine faighte | | 1,300 |
| Pá agus tuarastail | 108,000 | |
| Speansais ghinearálta | 12,500 | |
| CBL | | 15,300 |
| Stáiseanóireacht | 4,200 | |
| Iasacht théarmach (faighte 01/04/2017) | | 60,000 |
| Ús iasachta íoctha | 1,500 | |
| ÁSPC/MSU | | 9,600 |
| Árachas | 8,200 | |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach | | 2,600 |
| Banc | 46,500 | |
| Fógraíocht | 5,400 | |
| Iarmhéid brabúis/caillteanais 01/01/2017 | | 51,400 |
| | 964,700 | 964,700 |

Ar leanúint ar lch 3

**Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit**:

(i) Stoc le hathdhíol ar 31/12/2017, €21,000.

(ii) Stoc stáiseanóireachta ar 31/12/2017, €1,300.

(iii) San áireamh san árachas tá seic €900, d'árachas theach príobháideach M. Uí Raghallaigh.

(iv) Ba chóir soláthar a dhéanamh d'ús dlite ar an iasacht. 8% sa bhliain an ráta úis.

(v) Baineann an fhógraíocht leis an mbliain dar críoch 30/04/2018.

(vi) Tá soláthar in aghaidh dímheasa le déanamh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh | 2% den chostas |
| Veaineanna seachadta | 10% dá luach glan de réir na leabhar |
| Trealamh oifige | 20% den chostas |

(vii) Tá soláthar in aghaidh drochfhiach le coigeartú i leith 5% de na féichiúnaithe.

**Iarrtar ort**:

**(a)** **Cuntas trádála**, **brabúis agus caillteanais** a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2017.

(80)

**(b)** **Clár comhardaithe** a ullmhú mar a bhí ar 31/12/2017. (40)

**(120 marc)**

**2. Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe**

Baineadh na figiúirí seo a leanas as leabhair Ailín Caimpion le linn Eanáir 2018:

| | € |
|---|---|
| Iarmhéid mhórleabhar na bhféichiúnaithe 01/01/2018 dr | 86,500 |
| Iarmhéid mhórleabhar na bhféichiúnaithe 01/01/2018 sr | 3,300 |
| Iarmhéid mhórleabhar na gcreidiúnaithe 01/01/2018 sr | 45,000 |
| Iarmhéid mhórleabhar na gcreidiúnaithe 01/01/2018 dr | 440 |
| Aischuir amach (aischuir ceannachán) | 1,800 |
| Lascaine lamháilte | 1,650 |
| Lascaine faighte | 2,400 |
| Díolacháin (díolacháin ar airgead tirim €12,200 san áireamh) | 204,200 |
| Seiceanna íoctha le soláthraithe | 80,200 |
| Seiceanna faighte ó chustaiméirí | 120,300 |
| Drochfhiacha díscríofa | 3,200 |
| Aistriú ó mhórleabhar na bhféichiúnaithe go mórleabhar na gcreidiúnaithe | 2,100 |
| Aischuir isteach (aischuir díolachán) | 3,600 |
| Ceannacháin (ceannacháin ar airgead tirim €15,200 san áireamh) | 180,200 |
| Billí iníoctha glactha | 7,100 |
| Billí infhaighte eisithe | 18,200 |
| Lascaine dícheadaithe d'Ailín Caimpion | 700 |
| Seiceanna faighte obtha | 1,900 |
| Ús gearrtha ag Ailín Caimpion ar chuntais dlite thar téarma | 1,200 |
| Iarmhéid mhórleabhar na bhféichiúnaithe 31/01/2018 | 1,250 sr |
| Iarmhéid mhórleabhar na gcreidiúnaithe 31/01/2018 | 820 dr |

**Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú d'Eanáir 2018**:

**(a)** Cuntas rialúchán mhórleabhar na bhféichiúnaithe. (30)

**(b)** Cuntas rialúchán mhórleabhar na gcreidiúnaithe. (30)

**(60 marc)**

**3. Ráiteas Imréitigh Bainc**

Leagtha amach thíos tá cuntas bainc agus ráiteas bainc Shinéad de Paor do mhí Eanáir 2018.

Dr **Cuntas Bainc** Sr

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | € | | | | € |
| Ean. 1 | Iarmhéid t/a | 5,450 | Ean. 6 | S. Ráulbh | 400101 | 1,300 |
| Ean. 8 | Díolacháin lóisteáilte | 9,600 | Ean. 9 | Cíos | 400102 | 3,200 |
| Ean. 18 | Lóisteáil | 3,400 | Ean. 10 | R. Ó Soirn | 400103 | 940 |
| Ean. 24 | Díolacháin lóisteáilte | 5,600 | Ean. 15 | C. Ó Coigligh | 400104 | 2,720 |
| | | | Ean. 20 | R. Nic Éinrí | 400105 | 3,900 |
| | | | Ean. 23 | Árachas | 400106 | 7,400 |
| | | | Ean. 26 | T. Breathnach | 400107 | 450 |
| | | | Ean. 31 | Iarmhéid t/s | | 4,140 |
| | | 24,050 | | | | 24,050 |
| Fea. 1 | Iarmhéid t/a | 4,140 | | | | |

| **Ráiteas Bainc ar 31/01/2018** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | **Dochar** | **Sochar** | **Iarmhéid** |
| | | **€** | **€** | **€** |
| Ean. 1 | Iarmhéid t/a | | | 5,450 |
| Ean. 2 | Ús faighte | | 210 | 5,660 |
| Ean. 7 | S. Ráulbh 400101 | 1,300 | | 4,360 |
| Ean. 10 | Lóisteáil | | 9,600 | 13,960 |
| Ean. 10 | Cíos 400102 | 3,200 | | 10,760 |
| Ean. 11 | R. Ó Soirn 400103 | 940 | | 9,820 |
| Ean. 17 | C. Mac Dhabhóc (seic obtha) | 820 | | 9,000 |
| Ean. 20 | Lóisteáil | | 3,400 | 12,400 |
| Ean. 21 | R. Nic Éinrí 400105 | 3,900 | | 8,500 |
| Ean. 24 | Árachas 400106 | 7,400 | | 1,100 |
| Ean. 24 | Táillí bainc | 85 | | 1,015 |
| Ean. 25 | Buanordú | 60 | | 955 |
| Ean. 29 | S. de Paor | 240 | | 715 |

**Nóta**: An €240 a iontráladh sa Ráiteas Bainc ar 29 Eanáir, cuireadh trí earráid é i gcuntas Shinéad de Paor in ionad é a chur i gcuntas Shiobhán de Paor.

**Iarrtar ort**:

**(a)** **Cuntas bainc coigeartaithe** Shinéad de Paor a thaispeáint agus an t-iarmhéid coigeartaithe a thabhairt anuas. (35)

**(b)** Ráiteas a ullmhú ar 31/01/2018 a **réitíonn** iarmhéid an chuntais bhainc choigeartaithe le hiarmhéid an ráitis bhainc. (25)

**(60 marc)**

**4. Ráiteas Táblach**

Léiríonn an clár comhardaithe seo a leanas staid airgeadais Trevor Uí Cheallaigh, trádálaí aonair, mar a bhí ar 01/02/2018:

| **Clár Comhardaithe mar a bhí ar 01/02/2018** | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |
| **Sócmhainní Seasta** | **€** | **€** | **€** |
| Foirgnimh | | 500,000 | |
| Veaineanna seachadta | | 82,000 | |
| | | | 582,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoc | 52,000 | | |
| Féichiúnaithe | 14,000 | | |
| Banc | 41,500 | 107,500 | |
| | | | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain | | | |
| Creidiúnaithe | 21,000 | | |
| Speansais dlite | 800 | 21,800 | |
| | | | 85,700 |
| | | | 667,700 |
| **Maoinithe ag**: | | | |
| Caipiteal | | 590,000 | |
| Cuntas brabúis/caillteanais | | 77,700 | |
| | | | 667,700 |

Rinneadh na bearta seo a leanas le linn mhí Feabhra 2018:

| | |
|---|---|
| Fea 4 | D'íoc le seic speansais a bhí dlite ag tús na míosa. |
| Fea 8 | Cheannaigh earraí ar cairde €14,800. |
| Fea 13 | Cheannaigh veain seachadta nua €21,000. D'íoc éarlais €4,000 le seic agus thóg an chuid eile ar iasacht ó Mhaoiniú Cinnte Teo. |
| Fea 16 | Fuair seic €3,200 ó fhéichiúnaí mar lánghlanadh ar fhiach de €4,500. |
| Fea 20 | D'íoc le seic ó chuntas bainc an ghnólachta €1,600 as deisiúcháin ar dhíon tí phríobháidigh. |
| Fea 22 | D'íoc le seic iarmhéid cuntais creidiúnaí €500 agus fuair lascaine €120. |
| Fea 25 | Dearbhaíodh ina fhéimheach féichiúnaí a raibh €400 dlite aige agus d'íoc 30c in aghaidh an €. |
| Fea 27 | Dhíol ar cairde ar €7,300 earraí a chosain €8,300 an chéad lá riamh. |

**Iarrtar ort**:

An tionchar a bhain le gach ceann de na bearta thuas ar na sócmhainní agus ar na dliteanais ábhartha a thaifeadadh ar **ráiteas táblach**.

Na **sócmhainní** agus na **dliteanais iomlána** ar 28/02/2018 a thaispeáint.

**(60 marc)**

**Tosaíonn roinn 2 ar leathanach 8**

**Roinn 2 (200 Marc)**
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

**5. Léirmhíniú ar Chuntais**

Baineadh an t-eolas seo a leanas as cuntais Learóg Teo. don bhliain dar críoch 31/12/2017:

**Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar críoch 31/12/2017**

| | € | € | € |
|---|---|---|---|
| Díolacháin chreidmheasa | | | 660,000 |
| **Lúide**: Costas díolachán | | | |
| Stoc 01/01/2017 | | 26,000 | |
| Móide: ceannacháin ar cairde | | ????? | |
| | | ????? | |
| Lúide: Stoc 31/12/2017 | | 14,000 | |
| Costas díolachán | | | ????? |
| Ollbhrabús | | | 352,000 |
| **Lúide**: Speansais iomlána (ús íoctha €5,400 san áireamh) | | | 98,000 |
| Glanbhrabús don bhliain | | | 254,000 |

**Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2017**

| | € | € | € |
|---|---|---|---|
| | **Costas** | **Dímheas** | **Glanluach Leabhar** |
| **Sócmhainní Seasta** | 980,000 | 63,000 | 917,000 |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha (féichiúnaithe trádála €65,000 san áireamh)** | | 93,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain | | | |
| Creidiúnaithe trádála | | 52,000 | |
| | | | 41,000 |
| | | | 958,000 |
| **Maoinithe ag**: | | | |
| **Creidiúnaithe**: suimeanna dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain | | | |
| Bintiúir 6% (2022/2023) | | | 90,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | **Údaraithe** | **Eisithe** | |
| Gnáthscaireanna ar €1 an ceann | 900,000 | 614,000 | 614,000 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | | 254,000 |
| | | | 958,000 |

Ar leanúint ar leathanach 9

**(a)** **Iarrtar ort a ríomh**: (go 2 ionad dheachúlacha de réir mar is cuí)

(i) An figiúr do cheannacháin.

(ii) Corrlach an ghlanbhrabúis.

(iii) An tréimhse chreidmheasa a tugadh d'fhéichiúnaithe.

(iv) An cóimheas fíorthástála. (40)

**(b)** **Mínigh** na téarmaí seo thíos agus **luaigh an bhaint atá acu leis na cuntais thuas** (de réir mar is cuí):

(i) Bintiúir 6% 2022/2023

(ii) Ús íoctha

(iii) Sócmhainní seasta inláimhsithe

(iv) Gnáthdhíbhinn. (40)

**(c)** An mbeidh deacracht ag Learóg Teo. na billí a íoc nuair a bheidh siad dlite? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (10)

**(d)** Ba é an toradh ar chaipiteal in úsáid do Learóg Teo. in **2016** ná 19%.

(i) Ríomh an toradh ar chaipiteal in úsáid do **2017**.

(ii) Déan trácht ar bhrabúsacht Learóg Teo. in **2017**. (10)

**(100 marc)**

**6. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid**

Baineadh an t-eolas seo a leanas as leabhair Háirdín Teo.:

| **Brabús agus caillteanas (sliocht) don bhliain dar críoch 31/12/2017** | **€** |
|---|---|
| Brabús oibriúcháin | 85,000 |
| Ús íoctha | (5,000) |
| | 80,000 |
| Cáin | (7,000) |
| | 73,000 |
| Díbhinní íoctha | (6,000) |
| Brabús coinnithe | 67,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2017 | 61,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 31/12/2017 | 128,000 |

| **Cláir Chomhardaithe mar a bhí ar** | **31/12/2017** | | **31/12/2016** | |
|---|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** | **€** |
| **Sócmhainní Seasta** | | | | |
| Talamh agus foirgnimh | 350,000 | | 250,000 | |
| Lúide soláthar in aghaidh dímheasa | (40,000) | 310,000 | (28,000) | 222,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Stoc | 52,000 | | 47,000 | |
| Féichiúnaithe | 30,000 | | 26,000 | |
| Banc | 22,000 | | 17,000 | |
| | 104,000 | | 90,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain | | | | |
| Creidiúnaithe | 11,000 | | 22,000 | |
| Cáin | 7,000 | | 9,000 | |
| | (18,000) | | (31,000) | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 86,000 | | 59,000 |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | 396,000 | | 281,000 |
| | | | | |
| **Maoinithe ag** | | | | |
| **Creidiúnaithe**: suimeanna dlite tar éis 1 bhliain | | | | |
| Bintiúir 7% | | 105,000 | | 95,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | |
| Gnáth-scairchaipiteal eisithe | | 148,000 | | 119,000 |
| Scairbhiseach | | 15,000 | | 6,000 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | 128,000 | | 61,000 |
| | | 396,000 | | 281,000 |

Ar leanúint ar lch 11 →

**Iarrtar ort**:

**(a)** An brabús oibriúcháin a **réiteach** leis an nglansreabhadh airgid isteach/amach ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin. (30)

**(b)** An **ráiteas faoi shreabhadh airgid** a ullmhú do Háirdín Teo. don bhliain dar críoch 31/12/2017 faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. Gníomhaíochtaí oibriúcháin
2. Toradh ar infheistíochtaí agus ar fhónamh ar airgeadas
3. Cáin
4. Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais
5. Díbhinní cothromais íoctha
6. Maoiniú. (60)

**(c)** An glanshreabhadh airgid a **réiteach** leis an athrú ar ghlanfhiachas. (10)

**(100 marc)**

**7. Cuntais Gnólacht Seirbhíse**

Tá baint ag muintir Uí Fhathaigh le tionscal na turasóireachta. Tá teach leaba is bricfeasta acu, agus ligeann siad rothair agus teachín saoire le turasóirí i rith aimsir shaoire. San áireamh ina gcuid sócmhainní agus dliteanas ar 01/01/2017, bhí:

Áitreabh leaba is bricfeasta €520,000; teachín saoire €94,000; trealamh agus línéadach tí €5,500; rothair €6,400; stoc breosla agus ola teasa €2,000; éarlaisí réamhíoctha ó thurasóirí don teachín saoire €1,500; airgead ar láimh €4,500.

**Iarrtar ort**:

**(a)** Ráiteas **caipitil** do ghnólacht turasóireachta mhuintir Uí Fhathaigh a ullmhú do 01/01/2017. (30)

**Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar críoch 31/12/2017**

| **Fáltais** | **€** | **Íocaíochtaí** | **€** |
|---|---|---|---|
| Airgead ar láimh 01/01/2017 | 4,500 | Soláthairtí don tseirbhís leaba is bricfeasta | 9,100 |
| Fáltais ó aíonna | 34,600 | Solas agus teas | 2,700 |
| Cíos ón teachín saoire | 16,000 | Tarraingtí | 3,600 |
| Fáltais ó na rothair ar cíos | 2,600 | Pá | 17,200 |
| | | Níochán | 2,900 |
| | | Fógraíocht | 1,400 |
| | | Deisiúcháin agus cothabháil | 6,300 |
| | | Iarmhéid 31/12/2017 | 14,500 |
| | 57,700 | | 57,700 |

Is cóir an t-eolas agus na treoracha seo a leanas a chur san áireamh ar 31/12/2017:

(i) Dímheas 15% in aghaidh na bliana le déanamh ar na rothair agus 20% ar an trealamh is an línéadach tí.

(ii) Tá €180 dlite do shiopa soláthairtí áitiúil.

(iii) D’úsáid an teaghlach an cúigiú cuid de na soláthairtí a ceannaíodh.

(iv) San áireamh sna fáltais ó aíonna, tá éarlaisí áirithinte €2,250 do 2018.

(v) Tá stoc ola de luach €930 ann.

**Iarrtar ort**:

**(b)** **Cuntas ioncaim agus caiteachais** a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2017. (40)

**(c)** **Clár comhardaithe** a ullmhú do 31/12/2017. (30)

**(100 marc)**

**ROINN 3 (80 Marc)**
Freagair ceist **AMHÁIN** ar bith

**8. Costáil Imeallach**

Táirgeann Ó Seibhleáin Teo. táirge amháin. Is é seo a leanas an buiséad bliantúil atá molta don bhliain seo chugainn:

| | € | € |
|---|---|---|
| Díolacháin (44,000 aonad) | | 880,000 |
| Costais Athraitheacha | 440,000 | |
| Costais Sheasta | 141,500 | (581,500) |
| Glanbhrabús | | 298,500 |

**Iarrtar ort**:

**(a)** An praghas díola **in aghaidh an aonaid** a ríomh.

**(b)** An costas athraitheach **in aghaidh an aonaid** a ríomh.

**(c)** An **cion tairbhe** in aghaidh gach aonaid a dhíoltar a ríomh.

**(d)** An pointe **meá ar mheá** i méid na trádála (aonaid) **agus** i luach na ndíolachán (€) a ríomh.

**(e)** An **lamháil sábháilteachta** ina aonaid **agus** i luach na ndíolachán a ríomh, más é **30,000** aonad líon na ndíolachán buiséadaithe don tréimhse.

**(f)** **Ráiteas Costála Imeallaí** a ullmhú a bhfuil siad seo a leanas san áireamh ann:

- Laghdú €1 ar an bpraghas díolacháin
- Ardú 5% ar mhéid na trádála/na ndíolachán
- Fanann gach costas eile mar a chéile

**(g)** Mínigh an téarma ‘Costas Seasta’ de réir mar a bhaineann le hÓ Seibhleáin Teo.
Tabhair sampla **amháin** de ‘chostas seasta’ a bhféadfadh go mbeadh ar Ó Seibhleáin Teo. é a thabhú.

**(80 marc)**

**9. Buiséadú Airgid**

Seo thíos na sócmhainní, na dliteanais agus an caipiteal a bhí ag Seán Ó Mainnín ar 01/01/2018:

| **Sócmhainní** | **€** |
|---|---|
| Sócmhainní seasta | 305,000 |
| Stoc | 32,000 |
| Airgead | 31,200 |
| Féichiúnaithe | 82,100 |
| | 450,300 |

| **Dliteanais** | |
|---|---|
| Creidiúnaithe | 50,300 |
| Caipiteal | 400,000 |
| | 450,300 |

Seo a leanas na díolacháin agus na ceannacháin a bhfuil súil leo sna 5 mhí seo chugainn:

| | **Ean** | **Fea** | **Már** | **Aib** | **Beal** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Díolacháin** | €44,200 | €89,400 | €88,100 | €57,900 | €81,600 | €361,200 |
| **Ceannacháin** | €48,100 | €48,200 | €42,300 | €34,700 | €34,500 | €207,800 |

- Tá na díolacháin go léir ar cairde agus íoctar astu aon mhí amháin tar éis díola.
- Tá na ceannacháin go léir ar cairde, agus íoctar astu aon mhí amháin i ndiaidh na míosa inar ceannaíodh iad, **ach amháin** €28,000 in airgead tirim i mí Aibreáin.
- Tá an t-áitreabh ar cíos ag Seán ar €42,000 **sa bhliain** iníoctha go míosúil.
- Trealamh le ceannach i mí an Mhárta ar €6,000 in airgead tirim.
- €16,400 le híoc in aghaidh na míosa ar phá.
- Táthar ag súil le stoc ar deireadh €29,100 ar 31/05/2018.
- Táthar ag súil le glanbhrabús de €51,000 do na cúig mhí.

**Iarrtar ort**:

**(a)** **Buiséad airgid** a ullmhú a léiríonn na fáltais agus íocaíochtaí míosúla a bhfuil súil ag Seán Ó Mainnín leo sna cúig mhí Eanáir go Bealtaine 2018, chomh maith le colún na n-iomlán don tréimhse seo.

**(b)** Clár comhardaithe **buiséadaithe** a ullmhú mar a bheadh ar 31/05/2018.

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste don Uasal Ó Mainnín as buiséad airgid a ullmhú.

**(80 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán